Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2021
(OR. en)

12641/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0310 (NLE)**

**PECHE 351**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook |

**RIALACHÁN (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook[1] ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle[2], agus tháinig sé i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017. An Prótacal maidir leis an gComhaontú a chur chun feidhme (an 'Prótacal reatha'), cuireadh é i bhfeidhm go sealadach ón 14 Deireadh Fómhair 2016[3].

(2) Cuireadh síneadh bliana leis an bPrótacal reatha[4], agus tá sé le dul in éag an 13 Samhain 2021.

(3) An 7 Iúil 2020, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Rialtas Oileáin Cook chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích maidir leis an gComhaontú a chur chun feidhme ('an Prótacal').

(4) Mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin, cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 28 Iúil 2021.

---

[1] IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.

[2] Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).

[3] IO L 289, 25.10.2016, lch. 1.

[4] IO L 395, 25.11.2020, lch. 1.

(5) An […][+], ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/...[1++] maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

(6) Na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Phrótacal, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm lena linn.

(7) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus i bhfianaise an ghá atá ann cur isteach ar na gníomhaíochtaí sin a sheachaint ar dhul in éag an Phrótacail reatha, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(8) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe, chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[+] IO: cuir isteach le do thoil dáta ghlactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12627/21.

[1] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2021/… an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L […], […], lch. […]).

[++] IO: cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12627/21 agus san fhonóta lena mbaineann – uimhir, dáta ghlactha agus tagairt foilseacháin an Chinnidh sin.

*Airteagal 1*

Na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Phrótacal a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ('an Prótacal'), déanfar na deiseanna iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit mar a leanas:

Soithí saighneoireachta tuinníní:

– An Spáinn: trí shoitheach

– An Fhrainc: soitheach amháin

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón …+

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

+ IO: cuir isteach le do thoil dáta sínithe an Phrótacail.